POST anpostschoolbag.ie

Finné na Staire: An Saol in Éirinn sna 1900idí luatha

STAIR AGUS DRÁMAÍOCHT

Réamhrá

Cabhróidh an ghníomhaíocht seo leis na daltaí a scileanna teanga ó bhéal agus smaointeoireachta cruthaithí a fhorbairt tríd an drámaíocht.

Gníomhaíocht – Gníomhaíocht Drámaíochta

Taispeáin an dá ghrianghraf thíos do na páistí.

Léaráid A: Teaghlach i dTionóntán sna 1900idí luatha

Léaráid B: Teaghlach Saibhir sna 1900idí luatha

Foinse: Ionad Cuairteoirí Ard-Oifig an Phoist: Finné na Staire

- Eagraigh plé gairid leis an rang uile faoin dá ghrianghraf, ag breathnú ar an stádas sóisialta difriúil a bhí ag an dá theaghlach agus ar an gcaoi ar imir sé sin tionchar ar a saol ó lá go lá.
- Iarr ar na daltaí díriú ar thithíocht, éadaí, bia, cluichí agus caitheamh aimsire.
- Úsáidfidh an múinteoir dhá straitéis drámaíochta ansin – léiriú pearsan agus pictiúir reoite – chun go gcuirfidh na páistí fíorspéis sa dá phictiúr.

POST anpostschoolbag.ie

Finné na Staire: An Saol in Éirinn sna 1900idí luatha

STAIR AGUS DRÁMAÍOCHT

Léiriú pearsan

- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr. Tabhair Léaráid A do leath na ngrúpaí agus tabhair Léaráid B don leath eile. Iarr ar gach páiste ligean orthu féin gur duine de na carachtair ón léaráid iad .i. an Teaghlach i dTionóntán – Athair, Máthair, Páiste. An Teaghlach Saibhir – Athair, Iníon, Mac.
- Ina ngrúpaí, tabhair cúpla nóiméad do na daltaí an méid a cheapann siad atá ag tarlú sa phictiúr a phlé .i. Céard atá ar bun? Iarr orthu freisin an comhrá idir na carachtair a shamhlú.
- Ansin iarr ar gach grúpa seasamh cosúil leis na carachtair sa léaráid. Siúil timpeall an tseomra agus roghnaigh dalta chun a smaointe a rá os ard mar a charachtar agus fanacht ag seasamh mar sin. Mar shampla, 'Tá ocras orm.' 'An bhféadfainn tuilleadh aráin a bheith agam le do thoil?'. Lean leis an léiriú pearsan sin ag iarraidh ar dhaltaí éagsúla páirt a ghlacadh ann.

Pictiúir reoite

- Anois iarr ar na daltaí an méid a d'fhéadfadh tarlú ina dhiaidh sin a shamhlú? Céard a cheapann siad a d'fhéadfadh tarlú ina dhiaidh sin ina léaráid féin? Tabhair cúpla nóiméad dóibh chun é a phlé.
- Ansin iarr ar na daltaí, ina ngrúpaí, pictiúr reoite a chruthú (íomhá a chruthaítear trí sheasamh gan bhogadh), chun an méid a tharlóidh anois a léiriú.
- Mar rang, pléigí na pictiúir reoite dhifriúla, ag fiosrú na ngníomhaíochtaí éagsúla ar chuimhnigh gach grúpa orthu.

Scríobh faoi!

Do ranganna níos óige

Iarr ar na páistí an chaoi ar bhraith siad sna róil éagsúla i rith na gníomhaíochta drámaíochta a phlé. Iarr orthu ceann de na habairtí seo a leanas a scríobh agus pictiúr a tharraingt di.

'Teaghlach i dTionóntán san am atá thart' nó 'Teaghlach Saibhir san am atá thart'

Sin nó d'fhéadfaidís cúpla abairt a scríobh faoin bpictiúr reoite a chruthaigh siad ina ngrúpa, agus pictiúr a tharraingt de.

Do ranganna níos sine

Iarr ar na páistí an chaoi ar bhraith siad sna róil éagsúla i rith na gníomhaíochta drámaíochta a phlé agus comhrá gairid idir cuid de na príomhcharachtair a scríobh. Is féidir na comhráite sin a úsáid mar scripteanna. Is féidir leis na páistí na scripteanna a léamh agus iad a chur i láthair an ranga nó i láthair grúpaí níos lú.

POST

anpostschoolbag.ie

Finné na Staire: An Saol in Éirinn sna 1900idí luatha

STAIR AGUS DRÁMAÍOCHT

Gníomhaíochtaí breise molta

- **Eagraigh** turas go dtí Ionad Cuairteoirí Ard-Oifig an Phoist: Finné na Staire, áit ar féidir leis na daltaí níos mó a fhoghlaim faoin saol sna 1900idí luatha in Éirinn – **www.gpowitnesshistory.ie/visit/** Iarr ar na páistí ceisteanna a réiteach roimh ré.
- **Cuir isteach ar** Chomórtas Lámhscríbhneoireachta An Post/Chumann Múinteoirí Éireann. Úsáid an ghníomhaíocht scríbhneoireachta thuas nó iarr ar do dhaltaí a saothar féin a scríobh i seánra ar bith bunaithe ar an téama *'An Saol sna 1900idí luatha.'* Tá tuilleadh eolais ar fáil ar **www.anpostschoolbag.ie/competition**
- **Tabhair cuairt ar www.100objects.ie**, áit a bhfuil go leor acmhainní stampaí idirghníomhacha ann le haghaidh na ndaltaí. Is féidir leo foghlaim faoi stampaí téamacha, lena n-áirítear *'Stair na hÉireann trína réada.'*
- **Iarr ar** na grúpaí na scripteanna a bhabhtáil agus ansin iad a léamh agus a chur i láthair grúpaí beaga.
- **Iarr ar** na daltaí pictiúr a tharraingt nó a phéinteáil bunaithe ar a bpictiúir reoite. Cruthaigh taispeántas sa seomra ranga a léiríonn na difríochtaí idir an Teaghlach i dTionóntán agus an Teaghlach Saibhir. Dírigh ar na dathanna a úsáidtear chun an dá shuíomh a léiriú.

Naisc leis an gCuraclam

Stair

- Eolas a chur ar roinnt gnéithe de shaol na ndaoine sna 1900idí luatha in Éirinn
- Tuiscint d'athrú agus do leanúnachas a fhorbairt trí na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair a iniúchadh
- Scéalta a léiriú nó a thaifeadadh trí iad a insint nó trí dhrámaíocht
- Gníomhartha agus mothúcháin na bpearsan a phlé
- Cróineolaíocht imeachtaí i scéal a phlé
- Staidéar a dhéanamh ar raon daoine agus imeachtaí san am atá thart chun tuiscint chothrom a fhorbairt ar stair theaghlaigh, stair áitiúil, stair náisiúnta agus stair dhomhanda
- Eolas a chur ar an saol a bhí ag mná, fir agus páistí ó chúlraí éagsúla sóisialta agus cultúrtha

Drámaíocht

- A chur ar chumas an pháiste smaointe, mothúcháin agus eispéiris a iniúchadh, a shoiléiriú agus a chur in iúl tríd an drámaíocht
- A chur ar chumas an pháiste comhoibriú le daoine eile agus cumarsáid a dhéanamh leo chun fadhbanna a réiteach sa drámaíocht féin agus trí mheán na drámaíochta
- A chur ar chumas an pháiste dul i dteagmháil go fisiciúil, go hintleachtúil agus go mothúchánach le comhthéacs na drámaíochta ficseanaí agus, trí chomhoibriú le daoine eile, eolas a chur ar a féidearthachtaí chun scileanna iniúchta, cumasaithe agus ionbhá a chothú
- Ionbhá agus comhthuiscint le daoine eile agus, mar aon leis sin, an fhéinmhuinín is gá chun ról nó carachtar duine a ghlacadh air/uirthi féin a fhorbairt
- Cumas a fhorbairt ar oibriú as ról agus i gcomhar le daoine eile, chun na fadhbanna a d'éireodh le linn déanamh drámaíochta a réiteach

Gaeilge

- Foghlaim le coinbhinsiún idirghníomhaíochtaí teanga ó bhéal a thuiscint agus teanga ó bhéal a úsáid i gcásanna sóisialta éagsúla
- Iomas, mothúcháin, tuairimí, smaointe agus freagraí a chur in iúl i gcásanna réalaíocha agus samhlacha trí bheith ag caint, trí phlé a dhéanamh agus trí scríbhneoireacht
- Imeachtaí staire a fhiosrú trí thobchumadh